# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2011**

# STAIR – ARDLEIBHÉAL

**RÉIMSE STAIDÉIR: AN LUATHAOIS, 1492 – 1815**

**Scrúdú scríofa: 400 marc**
**Tuarascáil ar an Staidéar Taighde, a seoladh isteach roimh ré: 100 marc**

**DÉ CÉADAOIN, 15 MEITHEAMH, TRÁTHNÓNA, 2.00 – 4.50**

***Treoracha d'iarrthóirí:***

Tabhair faoi na Ranna 1, 2 agus 3 istigh a fhreagairt.

- **Roinn 1 (100 marc)**

Ceist dhoiciméad-bhunaithe (Éire: Topaic 1)
Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 (100 marc)**

Éire: Na topaicí 2, 3, 4, 5, 6.
Freagair ceist amháin as topaic amháin.

- **Roinn 3 (200 marc)**

An Eoraip agus an domhan mór: Na topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6.
Freagair dhá cheist, ceann amháin as gach ceann den dá thopaic a roghnaíonn tú.

## ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE

*Éire: Topaic 1*
**Leasú agus Reifirméisean in Éirinn Thúdarach, 1494-1558**

An cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid:
***Scoileanna na mBard***

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna thíos.

1. (a) Conas a bhí Muiris Ó Maolchonaire cáilithe chun bardscoil a rith, mar atá luaite i ndoiciméad A?

   (b) Cad a bhain Muiris Ó Maolchonaire amach i rith a shaoil, mar atá luaite i ndoiciméad A?

   (c) Cén fáth a raibh daoine cúramach gan filí a mhaslú, mar atá luaite i ndoiciméad B?

   (d) Cad iad na hábhair, a roghnaigh filí dá gcuid véarsaí, nár thaitin le Spenser, mar atá luaite i ndoiciméad B?

(20)

2. (a) An bhfuil na doiciméid ar aon fhocal gur dhuine le tionchar a bhí san fhile in Éirinn na nGael ? Déan tagairt don dá dhoiciméad i do fhreagra.

   (b) An aontaíonn scríbhneoirí dhoiciméid A agus B le ról na bhfilí in Éirinn? Déan tagairt don dá dhoiciméad i do fhreagra.

(20)

3. (a) Cé acu doiciméad, A nó B, is luachmhaire mar fhoinse faoi scoileanna na mbard agus faoi fhilí in Éirinn? Tabhair cúiseanna le do rogha agus déan tagairt don dá dhoiciméad i do fhreagra.

   (b) Cén fhianaise atá ar fáil i ndoiciméad B faoi na nithe a raibh Spenser gafa leo mar fhile agus mar choilíneach?

(20)

4. Cén tábhacht a bhain le baird, annálaithe agus breithiúna in Éirinn sa chúigiú agus sa séú haois déag?

(40)

## - Doiciméad A -

**Iontráil as Annála na gCeithre Máistrí, 1543**

Bhí Muiris, mac le Páidín Ó Maolchonaire, ina mháistir staire agus filíochta agus ina fhear saibhir agus rachmasach. Scríobhaí léanta ba ea é a rinne cóipeanna de mhórán leabhar agus a chum mórán dánta agus rann.

Bhí mórán scoileanna de mhic léinn aige ag staidéar agus ag foghlaim. Choinnigh sé a lán díobh ina theach féin.

Bhásaigh sé [in 1543] tar éis dó an bua a fháil ar an Diabhal agus ar an saol.

## - Doiciméad B -

**Sliocht leasaithe is ea é seo a leanas as *A View of the present State of Ireland* a scríobh an file agus an coilíní, Edmund Spenser agus cur síos á dhéanamh aige ar staid na hÉireann sa séú haois déag.**

I measc na nGael, tá cineál áirithe daoine ar a dtugtar baird agus is iad sin na filí atá acu. Mar ghairm, déanann siad fir a mholadh nó a cháineadh ina gcuid dánta agus ina gcuid rann. Tá meas chomh mór sin orthu nach bhfuil sé de dhánacht in aon duine múisiam a chur orthu. Glactar go fonnmhar lena gcuid véarsaí agus go hiondúil cantar iad ag gach féasta agus ag gach cruinniú.

Tá na baird Éireannacha seo chomh fada sin ó smacht morálta a mhúineadh d'fhir óga gur chóir iad féin a smachtú go dian. Is annamh a roghnaíonn siad gníomhartha daoine maithe mar bhunábhar dá gcuid dánta. Ach an duine is dána agus is aindlíthiúla ina chuid gníomhartha, an duine is contúirtí maidir le heasumhlaíocht agus le ceannairc, is é an duine sin a chuireann siad in airde agus a dtugann siad glóire dó ina gcuid rann. Is é an duine sin a mholann siad os comhair na ndaoine agus gríosaíonn siad fir óga chun a shampla a leanúint.

D'ordaigh mé go n-aistreofaí mórán dá gcuid dánta dom, ionas go dtuigfinn iad. Léiríodh greann agus cruthaíocht mhaith iontu ach níor léiríodh scil in ornáideachas na filíochta.

Is mór an trua go bhfuil mí-úsáid á baint as filíocht chun urraim a thabhairt don olc agus don duáilce, filíocht a d'fhéadfaí a úsáid chun an tsuáilce a mhaisiú agus a áilliú. Dá bhrí sin, is gá an drochnós seo a leasú.

## ROINN 2: ÉIRE

**Freagair ceist amháin as topaic amháin thíos.**

*Éire: Topaic 2*

### Éirí amach agus concas in Éirinn i réimeas Eilíse, 1558 - 1603

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad ba chúis leis an éirí amach i nDeasumhain 1579 agus cad iad na hiarmhairtí a bhí aige? (100)
2. Cad iad na láidreachtaí agus na laigí a bhí ag Tiarnas Thír Eoghain? (100)
3. Cad iad na príomhfhorbairtí sóisialta agus eacnamaíocha a tharla i mBaile Átha Cliath i réimeas Eilíse? (100)
4. Cén fáth ar theip ar an Reifirméisean Protastúnach in Éirinn? (100)

*Éire: Topaic 3*

### An ríocht in aghaidh na coilíneachta – an streachailt don lámh in uachtar in Éirinn, 1603-1660

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na hiarmhairtí sóisialta agus eacnamaíocha a bhain le Plandáil Uladh? (100)
2. Cén fáth ar cuireadh i gcoinne Sir Thomas Wentworth, Iarla Strafford, chomh mór sin in Éirinn? (100)
3. Cé mar a chuaigh athruithe polaitíochta radacacla Chromail i bhfeidhm ar Éirinn? (100)
4. Cad é an tionchar creidimh agus cultúrtha a bhí ag coláistí na nGael san Eoraip ar Éirinn? (100)

*Éire Topaic 4*

### Cinsealacht choilíneachta á bunú, 1660-1715

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén fáth nár shásaigh na polasaithe a bhí ag Séarlas II i leith na hÉireann Caitlicigh ná Protastúnaigh? (100)
2. Cé chomh cinntitheach agus a bhí cogaí Rí Liam i stair na hÉireann go dtí an bhliain 1715? (100)
3. Cad iad na himeachtaí ba chúis le triail agus bású Oilibhéar Pluincéid, Ardeaspag Caitliceach Ard Mhacha? (100)
4. Cad í an fhís pholaitiúil agus chultúrtha a bhí ag na filí Seacaibíteacha? (100)

*Éire: Topaic 5*

**An choilíneacht in aghaidh na ríochta –**
**teannas in Éirinn i lár an ochtú haois déag, 1715-1770**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad ba chiall leis an "Náisiún Protastúnach" agus conas a d'fheidhmigh sé? (100)
2. Cad iad na cúiseanna gearáin a bhí ag na Buachaillí Bána agus conas a rinne siad iarracht iad a cheartú? (100)
3. Cén cuspóir a bhí leis na Péindlithe agus cé chomh héifeachtúil agus a cuireadh i bhfeidhm iad? (100)
4. Cad a chuir muintir Uí Chonghaile agus/nó Arthur Guinness le gnóthaí na hÉireann le linn na tréimhse seo? (100)

*Éire: Topaic 6*

**Deireadh na ríochta Éireannaí agus bunú an Aontais, 1770-1815**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé chomh maith agus a rinne Parlaimint Grattan ionadaíocht ar son mhuintir na hÉireann, 1782-1800? (100)
2. Cad iad na cúiseanna a bhí le héirí amach 1798? (100)
3. Cén chaoi a ndearnadh cathair thionsclaíoch, a raibh mórfhadhbanna seicteacha aici, de Bhéal Feirste? (100)
4. Cén fáth ar bunaíodh Coláiste Mhaigh Nuad agus cén tionchar a bhí aige ar chúrsaí creidimh in Éirinn? (100)

## ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR

**Freagair dhá cheist, ceann amháin as gach ceann den dá thopaic thíos a roghnaíonn tú.**

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*

**An Eoraip ón Athbheochan go dtí an Reifirméisean, 1492-1567**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén tábhacht a bhain le réimis Ferdinand agus Isabella don Spáinn? (100)
2. Cén tionchar a bhí ag fionnachtain an Domhain Nua ar an Eoraip, go sóisialta agus go heacnamaíoch? (100)
3. Cad a bhí suntasach faoin nGinéiv in aimsir Chailvín? (100)
4. Cén bhagairt a bhí i bhforleathnú na Tuirce don Eoraip agus conas a chuaigh cumhachtaí na hEorpa i ngleic leis sin? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*

**Creideamh agus cumhacht: polaitíocht sa séú haois déag déanach, 1567-1609**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén fáth ar sheol Pilib II Armáid i gcoinne Shasana agus cén fáth ar theip uirthi? (100)
2. Cad a chuir Matteo Ricci le misean na nÍosánach sa tSín? (100)
3. Cad ba chúis le Cogaí Creidimh na Fraince? (100)
4. Cad iad na héachtaí a rinne Eilís I, banríon Shasana? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*

**Éiclips na Sean-Eorpa, 1609-1660**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na haidhmeanna agus na polasaithe a bhí ag an gCairdinéal Richelieu? (100)
2. Conas a bhain na Dúitsigh impireacht amach san Áise agus conas a chuaigh sí chun sochair dóibh? (100)
3. Cén tionchar a bhí ag an gcogadh Tríocha Bliain ar an nGearmáin? (100)
4. Cad iad na smaointe nua faoi pholaitíocht agus faoi chaidreamh idirnáisiúnta a chuir Hugo Grotius chun cinn? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*

**An Eoraip le linn ré Louis XIV, 1660-1715**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na príomhghnéithe a bhain le monarcacht absalóideach Louis XIV? (100)
2. Cén tionchar a bhí ag John Sobieski ar an bPolainn? (100)
3. Le linn na tréimhse 1660-1715, cén tábhacht a bhain le forbairtí i mbaincéireacht, i margaí agus i gcomhlachtaí trádála? (100)
4. Le linn na tréimhse 1660-1715, cad iad na ceisteanna maidir le creideamh a tháinig chun cinn i gceann amháin nó níos mó de na tíortha seo a leanas: Sasana; an Fhrainc; an Rúis? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*

**Impireachtaí á mbunú, 1715-1775**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na cúiseanna a bhí le Réabhlóid Mheiriceá? (100)
2. Conas a chuaigh an Eagnaíocht i bhfeidhm ar an gcaoi ar smaoinigh daoine ar chúrsaí polaitíochta, ar chúrsaí reiligiúin agus ar an tsochaí? (100)
3. Cad iad na haidhmeanna a bhí ag Caitríona Mhór agus cad iad na nithe a d'éirigh léi a bhaint amach? (100)
4. Conas a chuir ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas le cumarsáid san Eoraip: tógáil bóithre agus canálacha; forleathadh na litearthachta; an nuachtán? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*

**Impireachtaí faoi réabhlóid, 1775-1815**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén fáth gurb é Ré an Uafáis a bhí mar thoradh ar Réabhlóid na Fraince? (100)
2. Cén fáth ar tharla an réabhlóid thionsclaíoch ar dtús i Sasana? (100)
3. Cad a spreag náisiúntacht chultúrtha le linn na tréimhse 1775-1815 agus cad iad na foirmeacha a ghlac sí? (100)
4. Cad a chuir Napoléon le cruthú na Fraince nua-aoisí? (100)

Leathanach Bán